AMÁRAĊ

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Déardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúil na Gaeltaċta.
Ábar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

3d

Iml. 10. Uiṁ. 6. Aoine, 5ú Feabra, 1965.

EAGARFOCAL. 5-2-1965

CEIST ĊUIG AIRE

SÉ AN RUD IS GNÁĊ LINN a ṫuigbeáil as Páipéar Bán Rialtais nó ráiteas réasúnta cruinn ag tabairt eolas fána bearta atá á n-ullmú ag an Rialtas agus a gcuirfear reaċtaíoċt fúṫa ós comair na Dála, gan ṁoill. Bíonn sé réasúnta cruinn cé naċ mbíonn cruinneas iomlán ann, aċ bíonn sé so-ṫuigṫe ag an ċoitiantaċt, san áit a mbíonn an reaċtaíoċt doléir. Má breaṫnaimíd ar an méid faoin nGaeltaċt atá san Ṗáipéar Ḃán ón taoḃ sin de. is aisteaċ ar fad mar ḋearcas sé.

SA ĊÉAD ĊÁS, IS FÍOR BEAG DE PLEANANNA nó reaċtaíoċta nua atá i gceist, má tá aon ċuid. Mar a léiríoḋ in áit eile, is é an rud is mó atá ann, nó píosa mór fada cainte, scaoilte go maiṫ, gan cruinneas. Ag cur-síos ar rudaí atá ann ċeana féin. Cé'n fáṫ go gcuirfí a leiṫéid sin isteaċ i bPáipéar Bán, ba deacair do ḋuine ar biṫ a rá. Tá aċoimre ar na rudaí atá molta, nó glacṫa leis ag an Rial-tas, í ṫaoḃ na Gaeltaċta, insan eagrán seo caite de AMÁRAĊ agus cífiḋ gaċ duine a laġad ⁊ atá ann. Mar sin de. tá sé measarṫa soiléir gurb é an rud atá i gceist ag an Rialtas, ós iad atá freagarṫaċ as an Ṗáipéar Ḃán, nó a ċur i dtuiscint go bfuil roinnt ṁaiṫ, nó dóṫain, á ḋéanaṁ ag an Rialtas ċeana féin don Ġaeltaċt, agus caiṫfear a ġlacaḋ as sin go bfuil siad sásta go bfuil an Ġaeltaċt ag maireaċtáil. agus ag dul ċun cinn. Caiṫfiḋ sé go bfuil siad sásta mar sin, go bfuil bunús do ṡaol eacnamaiciúil, agus gléas beaṫa réasúnta ar fáil insan nGaeltaċt. Má's rud é go bfuil, agus gur féidir le daoine maireaċtáil go réasúnta, agus clann a ṫógáil ann, tá an ceart ag an Rialtas. agus tá molaḋ tuillte acu as na faoiseaṁ agus an ċabair a ċuireann siad ar fáil don ṗobal ansin.

AĊ, AN BFUIL GLÉAS BEAṪA RÉASÚNTA mar sin ar fáil, nó an bfuil sé fíor go gceapann an Rialtas go bfuil a leiṫéid de ġléas beaṫa réasúnta ar fáil? Freagraíoḋ an ċeist sin go cruinn beaċt, ṫar aon aṁras, agus ní hé i bpáipéar poiblí nó i ndíospóireaċt scaoilte fé'n dtuaiḋ. Aċ i dTiġ de ċuid an Oireaċtais — i Seanad Éireann — tá seaċtain ó ṡin. Aire Rialtais a bí ag caint. Ḃí sé ag caint mar Aire Tailte. Aċ, tá an fear céanna, an tUasal Miċeál Ó Móráin, ina Aire Gaeltaċta ċoṁ maiṫ, agus mar sin de. tá meaċan ar leiṫ in ċuid cainte.

DÚIRT SÉ, AGUS É AG FREAGAIRT NA DÍOSPÓIREAĊTA, ar an Dara Céim de Ḃille na Talún. Naċ raiḃ duine ar biṫ, san saol atá ann san lá inniu, ag gabáil a ṁaireaċtáil ar ġabaltas dár luaċáil £2-10-0 nó £3 nó £4. Nuair a ṫiocfaḋ leo, le aistir lae a ḋéanaṁ. a ḃeiṫ taoḃ ṫall den uisce, agus ag saoṫrú £25 nó £30 sa tseaċtain. D'ḟill sé arais ar sin trí huaire ar a laġad, agus dúirt sé ionann agus naċ raiḃ splanc ċéille ag duine ar biṫ a ṡílfeaḋ go mbeaḋ daoine óga sásta maireaċtáil aṁlaiḋ. Rinne sé ábar gáirí agus magaiḋ. de Ċléir agus Tuataiġ, a ṡílfeaḋ go dtiocfaḋ leo daoine a ṁeallaḋ ó oibreaċa agus pái ṁór i Sasana, ċuig na gabaltaisí beaga £3 nó £4. I gcaoi ná fág aṁras ar biṫ ar éinne go dtuigeann an tUasal Ó Móráin féin naċ bfuil seans dá laġad do ḋaoine óga pósaḋ agus socrú síos ar a leiṫéid do ġabaltas, nó clann a ṫógáil.

AĊ. MAR AIRE GAELTAĊTA, tuigeann an tUasal Ó Móráin go rí ṁaiṫ, go bfuil meán-luaċáil gabaltaisí talaiṁ, ins na ceantraċa Fíor-Ġaeltaċta i nDún na nGall agus i nGaillim, i bfad faoi £4 nó £3, agus déanta na fírinne, go bfuil cuid ṁaiṫ acu faoi £1 de luaċáil. Mar sin de. níl aṁras ar biṫ, ar an Uasal Ó Móráin, ná naċ bfuil seans dá laġad go dtiocfaḋ le pobal na Gaeltaċta gléas beo a baint as na gabaltaisí seo, agus mar sin de, naċ leanfaiḋ siad ina gcónaí orṫa. nuair a imeós an ġlúin seo. Tá sé lán ċinnte go dtuigeann an tUasal Ó Móráin go rí ṁaiṫ naċ bfuil maiṫeas ar biṫ i ndeontaisí talṁaíoċta, nó tógáil tiṫe nó scéim na muc, nó scéimeanna beaga eile den ċineál, nó deontaisí atá 25 per cent. níos airde ná tá san ċuid eile den tír, le daoine a ċur ag maireaċtáil ar ġabaltaisí de luaċáil £1.

CAD ĊUIGE, MAR SIN, GO DTUGANN an Rialtas, faoi ċoṁairle Aire na Gaeltaċta, fios do ṗobal na hÉireann, go bfuil ċuile rud go rí-ṁaiṫ insan Ġaeltaċt, agus naċ bfuil baol ar biṫ ar an Ġaeltaċt? Sin ceist a ċuirimíd ar an Uasal Ó Móráin, agus beiḋ áṫas orainn oiread poiblíoċta a ṫabairt dá ḟreagra agus atáimíd ag tabairt don ċeist féin anois.

ÓN nGAELTAĊT ṪEAS

NÍ STOPFAIḊ AN PÁIPEAR BÁN AN IMIRCE

Taréis an Páipéar Bán a léaṁ agus a aṫ-léaṁ, agus a ṫéarmaí a ċur i bfeiḋm ar Ġaeltaċtaí Ċiarraí, is n deacair a feiscint conus a leaṫnóiḋ sé, nó a ċoiméadfaiḋ sé na ceantair seo. Sin é adeir Caoiṁín Ó Cinnéide faoi an Páipéar Bán insan Kerryman. Measann sé naċ mór an ṁaiṫeas an deontas £5 a árdú go dtí £10.

Má leanann an Rialtas ag feiḋmniú deontas na Gaeltaċta tríd an údarás áitiúil, mar atá sé a ḋéanaṁ go dtí seo, sin teipṫe air tar aon agó.

Dá mbunófaí Coṁairlí ar leiṫ, adeir sé. do Iarṫar Ċorcaí, Ciarraí Ṫeas agus Ṫiar, Gaillim Ṫiar, Muiġeo Ṫiar agus Ṫuaiḋ, agus Tírċonaill Ṫiar agus Ṫuaiḋ, ḃeaḋ na Coṁairlí seo ina nGaeltaċtaí ar fad. le foireann agus oifigeoirí le Gaeilge, agus d'ḟéadfaí deontaisí an Rialtais a ṫabairt díoba agus iad a ċaiṫeaṁ insan nGaeltaċt, rud naċ bfuil ḋá ḋéanaṁ. Ba ċeart leis, údarás turasóireaċta ar leiṫ don Ġaeltaċt, agus d'ḟéadfaḋ na Coṁairlí seo tabairt fé cúrsaí talṁaíoċta insna ceantair Gaeltaċta.

Ba ċeart iascaireaċt na Gaeltaċta a ḟorbairt leis féin agus gan aon ċeangal don ċósta toir. Ba ċeart gaċ spreagaḋ a ṫabairt do iascairí óga na Gaeltaċta ċun socrú síos ina gcuid ceantar féin.

Ba ċeart scoileanna móra lár a beiṫ sa nGaeltaċt, áit a mbeaḋ rannóga bun-oideaċais, meán-oideaċais agus gairm-oideaċais. san bfoirgneaṁ aṁáin. Agus ba ċeart teanga eile ċoṁ maiṫ le Gaeilge agus Béarla á ṫeagasc don óige.

Ba tré ceangal agus coṁċaidreaṁ idir na Gaeltaċtaí a ṫiocfaḋ neart nua agus leaṫnú.

Ba ċeart a deiṁniú, dar leis. go mbeaḋ dóṫain Gaeilge ag páistí sula gcuirfí na Gaeltaċta iad. Níorḃ ġá éigeantaċt ar biṫ, adeir sé leis an Ġaeilge a ċur ċun cinn. Aċ, níor ċeart aon oifigeaċ poiblí a ḃeiṫ ag freastal ar ċeantar Gaeltaċta, gan Gaeilge a ḃeiṫ go líofa aige.

Ḋein an dá páirtí poiliticiúil ar feaḋ trioċa bliain. adeir sé, téad tarraingṫe don teanga Ġaeilge, agus dá ḃárr tá an Ġaeltaċt bánaiṫe, agus glúin iomlán daoine ón nGaeltaċt scaipiṫe ṫar lear. Ní stopfaiḋ an Páipéar Bán seo neart an Suitcase Brigade, agus níl na labels i nGaeilge.

AN SOCRÚ ÚR DON DOLE

TÁ DEIRE LEIS AN ḞIOSRÚ MAOINE

Ḃí fáilte gaċ áit sa Ġaeltaċt roiṁ an fógra ón Aire Leasa Ṡoisialaiġ faoin aṫrú don Dole, go háiṫrid san taoḃ ṫiar de Ḋún na nGall. agus i nGaillim.

Faoi an scéim nua, sé an glanluaċáil ar talaṁ, gan tráċt ar foirgintí ná tiṫe ċor ar biṫ, a ḃéas i gceist, agus méadófar é seo faoi fiċe, leis an teaċt - isteaċ bliantúil ón ġabaltas. a ṁeas.

Is ionann seo agus teaċt isteaċ £20 ar gabaltas a bfuil luaċáil £1 ar an talaṁ. Teaċt isteaċ £80 ar ġabaltas a bfuil luaċáil £4 ar an talaṁ. Aċ, ós a ċoinne seo, ní áireófar mar is gnáċ, an ċéad 5s. sa tseaċtain, den teaċt-isteaċ.

Mar sin de, is ionann an teaċt isteaċ a measfaí ar fear le gabaltas dár luaċáil £3 ar an talaṁ, ná £47 sa bliain, ⁊ £67 sa bliain, ar ġabaltas gur fiú £4 luaċáil é. Fanfaiḋ na figiúirí don teaċt-isteaċ mar seo gan beann ar ciḃé teaċt-isteaċ a ġeiḃ duine tré na ṡaoṫrú féin ón ġabaltas. Go dtí go mbeiḋ an Bille nua i bfeiḋm mar Aċt, ní ḋéanfar aṫ-ḃreiṫ ar biṫ ar oibreaċa talṁaíoċt ar na gabaltaisí beaga seo.

Ḋéanfar socraiṫe speisialta san eadarlinn. agus áit ar biṫ a mbeaḋ sé ina ḃuntáiste do luċt Dole an meascaċán a beiṫ mar atá sé, fágfar mar sin é.

Is maiṫ an rud é seo, mar cosúil le am na dTiarnaí Talaiṁ, ḃí eagla go dtí seo ar ḋaoine dá ndéanfaḋ siad feaḃsú ar biṫ ar a gcuid talaiṁ go mbeaḋ laġdú san dole. Ní beiḋ an eagla seo ann níos mó.

Faoi Aċt Leasa Soisialaiġ, 1962, ḃí uasteora coṫrom de £100 sa ḃliain teaċt isteaċ ċun teastas cáiliṫe a ḟáil. le cúnaṁ dífostaíoċta. Aċ, taréis an Aċt sin a ḃeiṫ i bfeiḋm, h-aṫraiοḋ an uasteora £100 go dtí ceann a ḃí ag aṫrú de réir mar ḃí na rátaí Cúnaṁ Dífostaíoċta ag dul suas, agus ina nglacfaí cuntas coṁ maiṫ, ar an méid páistí a ḃí ag braṫ ar an fear.

Roiṁ an 1ú lá do Lúnasa 1962 ní ṫiocfaḋ le duine ar biṫ a raiḃ teaċt isteaċ de níos mó ná £100 sa ḃliain aige, cúnaṁ dífostaíoċta a ḟáil. Aċ. sé an uasteora san am i láṫair fá ċoinne Teastas Cáiliṫe le haġaiḋ dífostaíoċta, ná £136-10-0 do ḟear pósta agus éiríonn an teora sin go dtí £240-10-0 do ḟear pósta le seisear clainne.

Ní áirṁítear an ċéad 5s. sa tseaċtain (£13 sa ḃliain) i gcás luċt na ngabaltaisí beaga, agus mar sin de, de réir an socrú nua ar £20 a ġlacaḋ mar ioncum fá ċoinne gaċ £1 de luaċáil talaiṁ.

Is ionann é agus go mbeiḋ fear pósta gan teaġlaċ ábálta teastas le haġaiḋ an cúnaṁ dífostaíoċta a ḟáil má tá luaċáil faoi £7-10-0 ar a ċuid talaiṁ. Agus má tá suas go dtí seisear páistí aige, beaḋ sé ábálta cúnaṁ dí-ḟostaíoċta a ḟáil suas go dtí £12-10-0.

Gan aṁras ar biṫ, tá sé seo i bfad níos fearr ná an dóiġ a d'ḟág oifigeoirí Stát ag dul ṫart ag cuntas na gcearc agus ag cur ceist sé ṁéid uiḃeaċa a beir siad.

Mar sin féin. is an deacair a ḋéanaṁ amaċ, cé'n fáṫ ar leagaḋ ioncum £20 os coinne gaċ £1 de luaċáil. An bfuil sé seo fíor ins na seirḃísí eile go léir? An mar seo a ġlactar é, cuir i gcás do Cáin Ioncum, nó do ċúrsaí scoláireaċta páistí? Nó do aon trial maoine eile? Ba ṁaiṫ an rud dá dtaḃarfaí freagra ar seo, nó dá gcuirfí ceist faoi sa Dáil.

PRAĠASANNA MAIṪE

Ní raiḃ aċ beagán eallaċ ar tairiscint ar aonaċ na nGleanntaċ, aċ ċuaiġ gaċ aicme dóiḃ praġasanna an árd. Ḃí éileaṁ an géar ar ba ionlaoiġ, ar ó £60-£68; ba bainne ó £46-£50. Ḃí éileaṁ íontaċ coiṁlinteaċ ar fad fá ċoinne eallaċ óg. agus ċuaiġ bearraiġ ḋá-ḃliana ó £42 go £60, agus bulláin ó £45 — £61. Ċuaiġ gaṁna bliana ó £36 —£40. Ní raiḃ aċ fíor beagán caoraċ ar tairiscint.

POLASAÍ GNÍOṀAĊ TALṀÁIOĊTA

CLÁR ṀAIṪ OBAIR GEIṀRIḊ I DTÍRĊONAILL

Tá an t-Oifigeaċ Úr Talṁaíoċta, an tUasal Ó Doṁnaill, ag dul i gcionn gnó go fuinniúil ⁊ go bríoṁar.

Ag an cruinniú deireannaċ den Ċoiste Talṁaíoċta, ċuir sé clár leaṫan ilġnéiṫeaċ de oideaċas talṁaíoċta a ḃí measta aige féin agus ag na teagascóirí faoi ḃráid an ċoiste.

D'inis sé dióba gur tarraingíoḋ suas an clár seo ag coinneáil cuiṁne ar an Dara Clár de Leaṫnú Eacnamiceaċ, agus go dtug na teagascóirí moltaí fá dtaoḃ de na faḃbanna speisialta ina gcuid ceantar.

Ḃí sé i gceist go mbeaḋ ranganna talṁaíoċt geiṁriḋ in aċan ċeantar. agus faḃbanna speisialta a ḃain leis an ċeantar sin, ċoṁ maiṫ le trialaċa, agus coṁoibriú le oifigeoirí Roinn Talṁaíoċta, coṁ-oibriú le Macra na Feirme agus eagrais eile, coṁairle ar bainistíoċt feirme, agus coinneáil cuntaisí feirme. scoil feirme geiṁriḋ, i gcoṁoibriú leis an Coiste Gairmoideaċais, agus cúrsaí ar bainistíoċta feirme, agus coiṁlintí ar obair suirbé ag coṁ-oibriú le oifigeoirí an Institiúid Talṁaíoċta agus an Roinn Talṁaíoċta, coṁ maiṫ le cruinniṫe le oifigeoirí an Land Project agus an scéim foirgintí feirme agus glanaḋ eitinn eallaí.

Dúirt an tUasal Ó Doṁnaill ċoṁ maiṫ. go mbeaḋ na teagascóirí ag coṁ-oibriú le oifigeoirí an Ċoiste Gairm-oideaċais agus an Roinn Rialtas Áitiúla agus oifigeoirí Stáit.

Meas P. Mac Gabann, naċ mbeaḋ suim ag fir óga ann, toisc an cleaċtaḋ a beiṫ acu a beiṫ beo ar feirmeaċa beaga naċ raiḃ eacnamiceaċ. Is cuma goidé a ṫaispeáineaḋ sé dióba, nó goidé an coṁairle a ḃéarfaí dióba ar na feirmeaċa beaga neaṁ-eacnamiciúil seo, naċ mbeaḋ siad sásta fanaċt orṫa muna mbeaḋ go leor talaiṁ ann fá ċoinne an feirm a beiṫ eacnamiceaċ.

Dúirt an caṫaoirleaċ, an tUasal C. Ó Gallċoḃair. go bfaca sé an pointe a ḃí ag Mac Gabann, aċ ní raiḃ baint ar biṫ acusan le tuilleaḋ talaiṁ a ṫabairt do na feirmeoirí.

Dúirt an tUasal Mac Gabann go dtiocfaḋ leo coṁairle a ṫabairt don Roinn. Ḃí daoine ag íoc £30 an t-acra sa bliain, ar talaṁ. Dúirt an tUasal Ó Doṁnaill, naċ raiḃ ansin aċ cnáṁa an ċlár oibre. Insan ceantar somplaċ, fuair siad cuid ṁór de na faḃbanna a ḃí ag cur teora le tairgeaḋ frid an ċondae. Ḃí siad ag súil go bfaiġeaḋ siad réiteaċ orṫa agus go bféadfaí an réiteaċ céanna a ṫabairt go dtí na ceantair eile. Insan ċeantar somṫlaċ ḃí cuid ṁaiṫ feirmeoirí - iascairí. Ċuaiġ na teagascóirí de gnáċ ċuig na h-aontaí. le cástáil ar oiread de na feirmeoirí agus ab féidir.

Tá ganntanas teagascóirí talṁaíoċt i nDún na nGall. Léiríoḋ é seo ag an ċruinniú nuair a ṫáinig scéala ag an ċoiste go raiḃ beirt teagascóirí ag éirí as seirḃís an ċoiste.

Dúirt an príoṁ-oifigeaċ go raiḃ sé ag tabairt a sáiṫ le déanaṁ dióba an foireann a ḃí acu san am i láṫair a ċoiméad, gan caint ar tuilleaḋ a ċur leis. Tá cead ag Dún na nGall cuid ṁaiṫ eile teagascóirí a ċeapaḋ aċ níl siad ábálta na teagascóirí a ḟáil.